2026/1833

22.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1833 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 14 Iúil 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA /1/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2019/2110, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 27 Lúnasa 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1773 ([2]), lena gceaptar Gail VAN HOEVER ina Cheann Misin EUAM RCA ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 7 Lúnasa 2026.

(3) An 30 Meitheamh 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Gail VAN HOEVER mar Cheann Misin EUAM RCA ón 8 Lúnasa 2026 go dtí an 7 Samhain 2026.

(4) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeann Misin EUAM RCA ón 8 Lúnasa 2026 go dtí an 7 Samhain 2026 a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Gail VAN HOEVER mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 8 Lúnasa 2026 go dtí an 7 Samhain 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA tar éis an 7 Lúnasa 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD

([1]) IO L 318, 10.12.2019, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2110/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1773 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Lúnasa 2025 lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2025) (IO L, 2025/1773, 2.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1773/oj).